

Beartas Frithbhulaíochta Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh 2017

1. I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

2. Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.
 - (a) **Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:**
 - ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
 - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
 - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;
 - (b) Ceannaireacht éifeachtach;
 - (c) Cur chuige scoile uile;
 - (d) Tuisceant i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
 - (e) Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscithe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
 - a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus
 - ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;
 - (f) Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
 - (g) Tacaíochtaí don fhoireann;
 - (h) Teagmhais bhulaíochta a thairfeadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
 - (i) Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.

3. I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht:

An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;
- cibearbhulaíocht; agus
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuinefaoi mhíchumas nó ar dhuine bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtairacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtairacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

Cineálacha Bulaíochta

Iompar ginearálta a bhaineann le gach cineál bulaíochta

- Ciapadh á dhéanamh ar aon cheann de na naoi bhforas idirdhealaithe m.sh. gnéaschiapadh, bulaíocht hómáfóbach, bulaíocht chiníoch &rl.
- Ionsaitheacht fhisiciúil
- Dochar do mhaoin
- Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine
- Magadh faoi dhuine
- An stiúiriú, léiriú nó cur timpeall de phictiúir, focail scríofa nó ábhair imeaglaithe dírithe ar dhuine eile
- Graifítí ionsaitheach
- Sracadh
- Imeaglú Comharthaí/geaitsí maslacha nó ionsaitheacha
- An “fhéachaint”
- Cur isteach ar spás pearsanta Meascán de na gnéithe luaite

Cibearbulaíocht

- **Aithisiú:** ag scaipeadh ráflaí, bréaga nó cúlchaint chun ainm duine a ghortú
- **Ciapadh:** teachtaireachtaí mailíseacha conaitheacha a chur chuig duine

- **Ag déanamh aithrise:** teachtaireachtaí maslacha, ionsaitheacha a chur faoi ainm dhuine eile
- **Gríosú:** ag baint úsáid as focail theasa nó gáirsiúla chun troid a thosnú ar líne
- **Cleasaíocht:** duine a mhealladh le heolas phearsanta a roinnt leat & ansin é a chuir ar líne
- **'Outing':** ag cur eolais nó íomhánna atá faoi rún nó contúirteach le fáil
- **Eisiamh:** duine a choinneáil amach ó ghrúpa ar líne d'aon ghnó
- **Cibearleanúint:** Aithisiú agus ciapadh leanúnach a chuireann faitíos ar dhuine dá s(h)lándáil féin
- Glaochanna gutháin ciúin
- Glaochanna gutháin maslacha
- Téacsanna maslacha
- Ríomhphoist maslacha
- Cumarsáid maslach ar na línte sóisialacha m.sh
- Facebook/Ask.fm/Twitter/You Tube nó cluichí ildhuine ar líne
- Tagairtí/pictiúir/blaganna maslacha ar líne
- Focail Mhaslacha ar aon sort teicneolaíocht cumarsáide

Bulaíocht Bunaithe ar fhéiniúlacht

Ina measc aon cheann de na naoi bhforas idirdhealaithe luaite i Reachtaíocht Cothromaíochta.

- (inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh, aois, míchumas. cine, bheith i do bhall den Lucht Siúil)
- *Including any of the nine discriminatory grounds mentioned in Equality Legislation (gender, civil*
- *status, family status, sexual orientation, religion, age, disability, race and membership of the*
- *Traveller community).*

Hómafóbach agus Trasfóbach

Ag scaipeadh scéalta mar gheall ar chlaonadh gnéis dhuine éigin
Spreading rumours about a person's sexual orientation

- Achasán a chaitheamh le duine de bharr claonadh gnéis
Taunting a person of a different sexual orientation
- Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine *Name calling*
- Bagairt nó ionsaithe fisiciúla
- Bagairt

Cine, náisiúntacht, cúlra eitneach agus bheith i do bhall den Lucht Siúil

- Géarchúis, claontuairim, cuntais nó masla ó thaobh dhath, náisiúntacht, cultúr, aicme sóisialta, reiligiúin, cúlra eitneach nó lucht siúil
- Eisiamh ar aon cheann de na cúiseanna thuas

Caidreamh bulaíochta

Caidreamh a ionramháladh chun bulaíochta a dhéanamh. Cúlchaint mailíseach Aonrú & eisiamh

- Neamhaird

- Eisiamh ón ngrúpa
- Ag tógáil cairde ó dhuine
- Bitcheáil
- Ag scaipeadh ráflaí
- Ag insint rún
- Ag caint os ard ionas go gcloisfeadh an duine thú
- An “fhéachaint”
- Ag glaoch ainmneacha ar nós “saoithín” go maslach ar dhuine

Gnéasach

- Léiriú nó teagmháil gnéasach nach bhfuil oiriúnach nó fáiltithe
- Ciapadh

Riachtanais Oideachais Speisialta/Míchumas

- Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine
- Achasán a chaitheamh le duine de bharr míchumais nó riachtanais foghlama
- Buntáiste a bhreith ar easpa cumais dhuine bulaíocht a aithint nó é/í féin a chosc uaithi
- Buntáiste a bhreith ar easpa cumais dhuine cúrsaí sóisialta nó leideanna sóisialta a thuiscint
- Aithris a dhéanamh ar mhíchumas dhuine
- Ceap magaidh a dhéanamh as duine

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* ar www.education.ie.

4. Múinteoirí Ábhartha

Seo a leanas na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi:

- Oidí Ranga (oidí ionaid san áireamh)
- Oidí tacaíochta Foghlama/Acmhainne
- Príomhoide Tánaisteach
- Príomhoide Cúnta
- Príomhoide

Is féidir le múinteoir ar bith feidhmiú mar mhúinteoir ábhartha, de réir mar a oireann sé don chomhthéacs.

5. Seo a leanas na **straitéisí oideachais agus coiscthe** (lena n-áirítear straitéisí a bheidh dírithe go sonrach ar an gcibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil :

Cothaítear **cultúr dearfach** sa scoil trí na nósanna imeachta agus cleachtais seo a leanas:

Cairt ranga aontaithe ag an oide ranga & daltaí ag tús na scoilbliana

Oideachais Sóisialta Pearsanta agus Sláinte

Bosca inní i ngach seomra ranga

Dea-iompar a mholadh (beir orthu á n-iompar féin mar is cóir)

Clár Misneach

Clár Bí Sábháilte

Aoidh-Chainteoirí/ Compántais Drámaíochta srl do Thusimitheoirí & do dhaltaí

Clár Oideachais Reiligiúnda

Modheolaíochtaí – obair i bpéirí, obair comhoibritheach srl

Áit suite sa rang a athrú go rialta

An fhoireann go léir airdeallach ar pháistí leochaileacha

Tagairt rialta ar bhulaíocht agus ar Pholasáí Frithbhulaíochta na scoile

6 riail órga Jenny Mosley

Seachtain Frithbhulaíochta/Cairdis bliantúil

Webwise- sábháilteacht arlíne do pháistí- áiseanna i nGaeilge

www.antibullyingcampaign.ie Break through the cloud of bullying- áiseanna i nGaeilge

6. Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta:

Imscrúdú: (*Bainfear leas as Aguisín 3A chun an oide a thacú*)

1. Agus tuairisc ar iompar bhulaíochta á fhiosru ag oide, lorgóidh sí freagraí ar na ceisteanna cad a tharla, cén áit, cén duine agus cén fáth ar bhealach ciúin neamhshuaite d'fhonn an bealach cuí le deighleáil le h-aighneas go neamh-bhagrach a léiriú don pháiste

2. Más grúpa atá i gceist, cuirfear agallaimh aonair ar gach ball den ghrúpa agus ansin castar leo go léir le chéile mar ghrúpa. Iarrfar ar gach ball den ghrúpa a chuntas den eachtra a thabhairt ionas go mbeidh a fhios ag gach duine cad atá raite ag gach duine eile. D'fhéadfaí agallamh a chur ar pháistí eile chomh maith chun léargas níos fear a fháil.

3. D'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí a bhí bainteach leis an eachtra a gcuntas a scríobh.

Straitéisí Idirghabhála:

I gcásanna ina gcinneann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, ba cheart teagmháil a dhéanamh, a luaithe agus is féidir, le tuismitheoirí na bpáirtithe i dtrácht chun iad a chur ar an eolas faoin scéal agus na bearta a dhéanfar a mhíniú doibh. Tabharfadh an scoil deis phlé do na tuismitheoirí ar shlí ina bhféadfadh siad bearta na scoile agus an tacaíocht do na daltaí a athneartú nó a mhéadú. I gcás ina gcinneann an múinteoir ábhartha go raibh dalta ag gabháil

d'iompar bulaíochta, ba cheart é a chur ar a s(h)úile di/dó go soiléir gur sháraigh sí/sé polasaí frithbhulaíochta na scoile agus ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun go bhféachfadh sé/sí an scéal ó thaobh an dalta a bhfuil an bhulaíocht á dhéanamh air nó uirthi.

Idirghabháil:

1. Tabharfar rabhadh oifigiúil don dalta éirí as an iompar bulaíochta
2. Síneofar conradh/ráiteas/geallúint nach leanfar den iompar bulaíochta
3. Sampla de smachtbhannaí a d'fhéadfaí a ghearradh ar dhaltaí ná:
 - Fanacht istigh ag am lóin
 - Fionraí inmheánach
 - Pribhléidí bainte

Taifead ar iompar bulaíochta

Tá nósanna soiléar ag an scoil do thaifid neamhfhoirmeálta agus foirmeálta a choimeád ar iompar neamh-inghlactha agus ar iompar bulaíochta. Coimeádtar gach taifead de réir riachtanais reachtúil cosaint sonraí.

Taifead Neamhfhoirmeálta:

Coinneoidh oidí ranga nótaí d'eachtraí sa rannóg cuí sa bhFillteán ranga. Ní mór **gach** eachtra a thuairisciú don oide ábharach. Coinneofar taifid ach go háirithe i bhfoirm Aguisín 3A

Taifead Foirmeálta Céim 1:

Agus clamhsán faoi iompar neamh-inghlactha nó tuairisc ar eachtra dá leithéad á fiosrú ag an oide ábharach, coimeádfaidh sí taifid chuí agus gach doiciméad bainteach leis an eachtra. Déanfar na taifid seo a choimeád slán go dtí go sroicheadh an dalta 21 blian.

Taifead Foirmeálta: Aguisín 3

• I gcásanna ina shíleann an an t-oide ábharach nach bhfuiltear tar éis dul i ngleic leis an iompar bulaíochta ar bhealach cuí críochnúil taobh istigh de 20 lá i ndiaidh di a dheimhniú go raibh bulaíocht ar siúl, déanfaidh sí é sin a thaifead ar an fhoirm atá in **Aguisín 3**. Tabharfaidh sí an fhoirm don Phríomhoide a dhéanfaidh é a chur in iúl don Bhord Bainistíochta.

Agus an cinneadh á dhéanamh ag an múinteoir ábhartha, mar chuid dá b(h)reithiúnas proifisiúnta, ar tugadh faoin gcás bulaíochta ar bhealach fóna agus oiriúnach, is gá dó/di macnamh dhéanamh ar na nithe seo a leanas;

- Ar tháinig deireadh leis an iompar bulaíochta
- Ar socraíodh na deacrachtaí idir na páirtithe chomh fada agus is féidir
- Ar athchóiríodh an caidreamh idir na páirtithe chomh fada agus is féidir
- An bhfuil aon aiseolas ó na páirtithe éagsúla, a dtuismitheoirí, an príomhoide nó an príomhoide tánaisteach
 - I gcás nach bhfuil tuismitheoir sásta gur dhéileáil an scoil le cás bulaíochta i gcomhréir leis na gnásanna seo, ní mór gnásanna na scoile maidir le gearán a dhéanamh a chur in iúl don tuismitheoir
 - I gcás ina mbaineann an tuismitheoir úsáid as nósanna imeachta na scoile maidir le gearán a

dhéanamh agus nach bhfuil sí/sé sásta fós, ní mór don scoil a insint don tuismitheoir go bhfuil sé de cheart aici/aige gearán a dhéanamh le hOmbudsman na Leanaí. (www.oco.ie)

Iar –chúram i ndiaidh eactra bulaíochta:

1. Déanfaidh an t-Oide Ranga, Príomhoide agus oide ábharach a bhí i mbun fiosruithe an eactra bulaíochta ‘seiceáil isteach’ rialta leis na páirtithe cuí ar bhealach chomh neamhfhoirmiúil agus chomh neamhfheiceálach agus is féidir ar feadh tréimhse a chinneadh siad féin.
2. Iarrtar ar an ndalta ar dearnadh bulaíocht air foirm shimplí iar-chúram scoil-dhearaithe a líonadh. [Aguisín 4]
3. Beidh cruinniú nó comhrá teileafóin iar-chúram ag an bpríomhoide. Oide ranga nó oide ábharach le tuismitheoirí an dalta ar dearnadh bulaíocht air.

Is é clár tacaíochta na scoile chun obair le daltaí a d’fhulaing bulaíocht ná:-

:SALT- Sticks and Stones agus Restorative Practice

7. Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais chúí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

8. Ciapadh a Chosc

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

9. Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo an _____ [dáta].

10. Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, tá sé ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

11. Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, cuirfear é ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Sínithe: _____
(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

Síniú: _____
(Príomhoide)

Dáta: _____

Dáta: _____

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: _____

Aguisín 3 Teimpléad chun iompar bulaíochta a thaifeadadh

1. Ainm an dalta a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi agus a rang-ghrúpa

Ainm _____ Rang _____

2. Ainm(neacha) agus rang(anna) an dalta/na ndaltaí atá ag gabháil d'iompar bulaíochta

3. An t-iompar is ábhar buartha/imní (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a))*

An dalta i dtrácht	
Dalta eile	
Tuismitheoir	
Múinteoir	
Eile	

4. An áitartharlaan teagmhas/na teagmhais (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a))*

Clós	
Seomra ranga	
Dorchla/pasáiste	
Leithris	
Bus Scoile	
Eile	

5. Ainm an té/na ndaoine a thuairiscigh an t-údar imní bulaíochta

--

6. Cineál an iompair bhulaíochta (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a))*

Ionsaitheacht Fhísiciúil		Cibearbhulaíocht	
Dochar do mhaoín		Imeaglú	
Aonrú/Eisiamh		Cúlchaint mhailíseach	
Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine:		Eile (tabhair do thuairim)	

7. I gcás iompair a bhféachtar air mar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, tabhair an chatagóir lena mbaineann:

Homafóbach	Míchumas/bainteach le riachtanais speisialta oideachais	Ciníoch	Ballraíocht den Lucht Siúil	Eile (sonraigh)

8. Cur síos gairid ar an iompar bulaíochta agus ar a thionchar

--

9. Sonraí na mbeart a rinneadh

--

Sínithe _____ (Múinteoir Ábhartha) Dáta _____

An Dáta a cuireadh é ar aghaidh chuig an bPríomhoide/Leas-Phríomhoide

* **Nóta:** Catagóirí molta is ea na catagóirí i dtáblaí 3, 4 & 6 agus féadfaidh scoileanna iad a leasú nó catagóirí eile a chur leo.